# Phlean Oidhreachta
## Chathair na Gaillimhe

# Galway City
# Heritage Plan

## 2025 – 2030



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council


Grianghraf: Nicholas Grundy

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| Baill Fhóram Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe | 3 |
| Réamhrá | 5 |
| Sárstádas an Phlean | 5 |
| Comhthéacs an Bheartais | 7 |
| Oidhreacht Chathair na Gaillimhe agus an gá atá le Plean Oidhreachta | 11 |
| Ullmhú an Phlean | 11 |
| Cur i bhfeidhm an Phlean | 12 |
| Maoiniú | 13 |
| Monatóireacht agus Meastóireacht | 13 |
| Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta | 15 |
| Measúnacht Chuí | 15 |
| Fís an Phlean Oidhreachta agus na reimsí ar a ndírítear leis | 17 |
| Fís | 18 |
| Príomhchuspóirí agus Príomhghníomhaíochtaí | 20 |
| **1. Ardú Feasachta** | **21** |
| **2. Comhthiomsú agus Scaipeadh Faisnéise Oidhreachta** | **25** |
| **3. Caomhnaigh, Feabhsaigh agus Bainistigh** | **30** |
| **4. Rannpháirteach, Cuimsitheach, Uileghabhálach** | **35** |
| Próiseas Plean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2025-2030 | 39 |



Grianghraf: Nicholas Grundy

# Réamhrá

Tá oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha ar leith ag Cathair na Gaillimhe, saintréith dár bhféiniúlacht agus ábhar mór bróid agus úinéireachta dúinn. Is é seo an tríú Plean Oidhreachta ag Cathair na Gaillimhe, agus leagtar amach ann an creat foriomlán chun oidhreacht chathair na Gaillimhe a aithint, a chur chun cinn agus feasacht a ardú maidir léi. Ní mór oidhreacht Chathair na Gaillimhe a chosaint, a chothú agus a bhainistiú ar bhealach a chuireann feasacht níos fear ar fail agus a chinntíonn go mbaineann gach duine taitneamh inbhunaithe as.  Tógfaidh Plean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2025 – 2030 ar an mbunsraith a leagadh síos I bpleanna oidhreachta roimhe seo, rud a dhaingneoidh ár dtiomantas do chaomhnú sócmhainní cultúrtha agus stairiúla na Cathrach agus ag an am céanna feabhsófar an chaoi a ndéanaimid caidreamh agus taithí ar oidhreacht shaibhir na Gaillimhe. Treoróidh an plean seo sinn I dtreo todhchaí ina ndéantar an oidhreacht a cheiliúradh, a chosaint, agus a shaman mar ábhar mórtais agus ceangail do chách.

*Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chathair na Gaillimhe*

Ní mór aitheantas a thabhairt do gach duine a bhí páirteach in ullmhú an phlean, go háirithe an Dr Jim Higgins, Oifigeach Oidhreachta, as a shaineolas agus a thiomantas i dtáirgeadh an Phlean Oidhreachta, mar aon leis an bhfoireann pleanála, baill an CPS agus an Fóram Oidhreachta a dhéanann ionadaíocht ar raon leathan leasanna pobail. Ní mór creidiúint a thabhairt freisin dóibh siúd a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí.Agus muid ag súil leis na cúig bliana amach romhainn táimid bródúil agus muiníneach go spreagfar le cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta seo feasacht agus tuiscint níos fearr ar luach uathúil, oideachasúil, eacnamaíoch agus cultúrtha na hoidhreachta do shaol na Cathrach.

*Fóram Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe*



Grianghraf: Michael Scott

# Baill Fhóram Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

| | |
|---|---|
| **Dr Jim Higgins** | Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Mary Clancy** | Roinn na Staire, Ollscoil na Gaillimhe |
| **Derrick Hambleton** | An Taisce Cumann na Gaillimhe |
| **Maeve Williams** | Leas Oidhreachta Pobail |
| **Paula Kearney** | Oifigeach Bithéagsúlachta, Caitheamh Aimsire agus Taitneamhacht, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **John Olney** | Seandálaí, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| **Mícheál Mac Aoidh** | The Bruach Thoir Language Planning Committee |
| **Christy Kelly** | Iar-Phríomhtheicneoir Chomhairle Cathrach na Gaillimhe |
| **Cllr. Michael J. Crowe** | Iarthar Chathair na Gaillimhe |
| **Cllr. Frank Fahy** | Lár Chathair na Gaillimhe |
| **James Reynolds** | Caomhnóir, Músaem Chathair na Gaillimhe |
| **Brendan Smith** | Páirc Náisiúnta na Gaillimhe, Tuatha of Terryland Forest Park |



Grianghraf: Nicholas Grundy

# Réamhrá

Sonraítear san Acht Oidhreachta 1995 go bhfolaíonn an oidhreacht náisiúnta séadchomharthaí, réada seandálaíocha, réada oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flora, fauna, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, raiceanna, geolaíocht, gairdíní agus páirceanna oidhreachta agus uiscebhealaí intíre. Mar sin féin, is leithe an tuiscint agus an meas coiteann atá againn ar Oidhreacht ná an léirmhíniú sin.

In 2003, ghlac UNESCO le hoidhreacht chultúrtha doláimhsithe a chuimsiú sa léirmhíniú ar oidhreacht. Sa Choinbhinsiún maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Coinbhinsiún Faro) cuirtear tuiscint níos leithne ar an oidhreacht agus an gaol atá aici le pobail agus leis an tsochaí chun cinn. Spreagann an Coinbhinsiún sinn a aithint nach bhfuil tábhacht ag baint le nithe agus áiteanna, iontu féin, maidir leis an oidhreacht chultúrtha. Tá tábhacht ag baint leo mar gheall ar na bríonna agus na húsáidí a luann daoine leo agus na luachanna arb é atá iontu.

Tá ról tábhachtach ag an oidhreacht maidir leis an dóigh a smaoinímid agus a mothaímid faoin áit a bhfuil cónaí orainn mar is féidir léi ómós áite a chothú ionainn. Is féidir leis an oidhreacht cur lenár leas sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch. Tá sé tábhachtach go ndéanaimid an acmhainn seo a chaomhnú agus a chosaint anois, ionas gur féidir leis na glúnta atá le teacht leanúint de bheith ag tairbhiú de na sochair éagsúla a chuireann ár n-oidhreacht uathúil cultúrtha, nádúrtha agus tógtha ar fáil.

# Sárstádas an Phlean

Agus an Plean seo á chur i bhfeidhm aige beidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag cuidiú le páirtithe leasmhara a éascú, a chur chun cinn, a thacú agus a chomhordú ina gcuid gníomhaíochtaí ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna reatha agus pleananna atá ag teacht chun cinn ina leagtar amach beartas poiblí um fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear forbairt a bhaineann le forbairtí talamhúsáide,

gníomhaíochtaí úsáide talún agus cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil.

Tá an Plean seo ina chuid d' ordlathas reachtúil doiciméad a bhfuil measúnú nó scagadh comhshaoil déanta ina leith, de réir mar is cuí, agus is iad atá sa chreat don chinnteoireacht agus don deonú toilithe. Mar sin féin, ní thugtar toiliú leis an bPlean féin agus ní bhunaítear creat leis chun toiliú a dheonú agus ní bheidh sé ina cheangal maidir le haon chinntí a bhaineann le toiliú a dheonú.

Tá an Plean ag teacht go hiomlán leis na forálacha i ndoiciméid éagsúla lena n-áirítear an Creat Pleanála Náisiúnta atá ann faoi láthair, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid, an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíochta agus an Plean Straitéiseach don Cheantar Uirbeach, Plean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus Plean Forbartha na Cathrach, ar doiciméid iad uile a bhí faoi réir ceanglas reachtach maidir le comhairliúchán poiblí agus measúnú/scagadh comhshaoil le haghaidh measúnú comhshaoil. Mar sin, tá an Plean go hiomlán faoi réir cheanglais na bhforálacha atá leagtha amach sna doiciméid seo, lena n-áirítear forálacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe, cosaint an chomhshaoil agus bainistíocht comhshaoil atá comhtháite sna doiciméid seo, lena n-áirítear trí phróisis MSC agus MC, agus ní thugtar isteach aon athruithe nó breisithe leis ar na forálacha sin.

Chun go mbainfear amach iad, ní mór do na tionscadail atá san áireamh sa Phlean seo (mar an gcéanna le tionscadail eile in aon earnálacha eile) cloí, mar is cuí, le reachtaíocht, beartais, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnú Cuí ar leibhéal níos ísle), Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) atá mar chuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe. Chun go mbainfear amach iad, ní mór do na tionscadail atá san áireamh sa Phlean seo, (mar an gcéanna le tionscadail eile in aon earnálacha eile) cloí, mar is cuí, le reachtaíocht, beartais, pleananna agus cláir éagsúla (lena n-áirítear ceanglais maidir le Measúnú Cuí ar leibhéal níos ísle). ,

Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus ceanglais cheadúnaithe eile de réir mar is cuí) atá mar chuid den chreat reachtúil cinnteoireachta agus deonaithe toilithe.

# Comhthéacs an Bheartais

Cruthaítear an Plean Oidhreachta seo i gcomhthéacs ina n-aithnítear luach na hOidhreachta agus ina bhfuil sé fite fuaite sna pleananna reachtúla agus neamhreachtúla agus sna straitéisí a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt agus ar bhainistiú na Cathrach. Ina measc seo tá na nithe seo a leanas:

- Ghlac ballstáit uile na Náisiún Aontaithe leis na **17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe** (SDGanna) in 2015, mar chuid de Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, inar leagadh amach plean 15 bliana chun na spriocanna a bhaint amach, ar treoirphlean é chun feabhas a chur ar réadú. agus todhchaí níos inbhuanaithe do chách.

- Déanann **Clár Rialtais na hÉireann Ár dTodhchaí Roinnte** gealltanais shuntasacha d' oidhreacht náisiúnta agus do bhithéagsúlacht na hÉireann. Áirítear leis na tiomantais seo tacaíocht leanúnach d' Oifigigh Oidhreachta i réimsí an oideachais oidhreachta, sláinte agus folláine agus eolaíocht saoránach agus líon na n-oifigeach bithéagsúlachta agus caomhnaithe laistigh d' údaráis áitiúla a neartú.

- **Seoladh Oidhreacht Éireann 2030**, Plean Oidhreachta náisiúnta na hÉireann, i mí Feabhra 2022. Tá sé bunaithe ar fhís dár n-oidhreacht, de gach cineál, a bheith i gcroílár dioscúrsa áitiúil agus náisiúnta, a bhfuil meas ag cách uirthi agus faoi chúram agus faoi chosaint do na glúine atá le teacht.

- Cuirtear i dtábhacht sa **Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017-2021** an príomhról atá ag údaráis áitiúla maidir le caomhnú na bithéagsúlachta.

- Féachtar leis an **bPlean Uile-Éireann um Phailneoirí 2021 - 2025** le bainistiú, atá neamhdhíobhálach do phailneoiríar pháirceanna poiblí agus spásanna glasa, a neartú, an Plean um Phailneoirí a chomhtháthú i bpleananna forbartha contae/cathrach nó bithéagsúlachta amach anseo, agus feasacht a mhúscailt faoi phailneoirí agus faoi thionscnaimh atá ann cheana féin ag leibhéal an údaráis áitiúil.

- Tá sé mar aidhm ag **Our Place in Time**, Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028, a seoladh i mí Feabhra 2023, oidhreacht na hÉireann a cheiliúradh agus a chur chun cinn, agus ag an am céanna sainaithnítear na dúshláin atá le sárú lena chinntiú sa todhchaí.

- I measc bunphrionsabail **Chairt Mhórcheantar na Gaillimhe um Uirbeacht Inbhuanaithe** tá "féiniúlacht agus oidhreacht speisialta na Gaillimhe mar chathair dhátheangach idirnáisiúnta, aghaidh an Atlantaigh, le fréamhacha doimhne sa Ghaeltacht agus go leor gnéithe de chultúr na hÉireann."

- Sainaithnítear i **bPlean Straitéiseach Cheantar Cathrach na Gaillimhe** (MASP) 2020-2032 na príomh-infrastruchtúr, na seirbhísí agus na saoráidí a bheidh ag teastáil chun tacú le dlúthfhás agus athghiniúint.

- Leagtar amach **i bPlean Corparáideach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2020-2024** spriocanna agus cuspóirí na Comhairle don chathair. Tá sé mar aidhm aige Gaillimh a dhéanamh ar an gcathair is fearr le Maireachtáil, Obair, Staidéar, Cuairt a thabhairt uirthi agus Infheistíocht a dhéanamh inti trí sheirbhísí a sholáthar ar bhealach comhionann, cuimsitheach agus inbhuanaithe.

- Le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029 soláthraítear creat beartais chun fás na Cathrach amach anseo a threorú go dtí 2029 agus san fhadtéarma.

- Leagtar amach i **bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe 2024 ‐ 2029** na cuspóirí agus na gníomhartha is gá a leagan amach, ar feadh tréimhse sé bliana, chun forbairt eacnamaíoch agus forbairt áitiúil agus pobail Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn agus tacú léi go díreach, agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara eile forbartha eacnamaíochta agus pobail.

- Le **Plean Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024** tugtar deis tábhachtach do dhaoine agus d' eagraíochtaí oibriú le chéile chun stop a chur le caillteanas na bithéagsúlachta sa chathair.

- Is í **Straitéis Chultúr & Cruthaitheachta Chathair na Gaillimhe 2023-2027**, atá mar fhís do Ghaillimh in 2027, cathair ina bhfuil tábhacht ag baint le cruthaitheacht agus cearta cultúrtha gach duine.

- Leagann amach i **Straitéis Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Oiriúnú Aeráide 2019-2024** cuspóirí gearrthéarmacha agus meántéarmacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le hoiriúnú don athrú aeráide. Tá an Straitéis bunaithe ar cheithre phríomhthéama: bonneagar agus foirgnimh ríthábhachtacha, caipiteal nádúrtha agus cultúrtha, acmhainní uisce agus bainistíocht riosca tuilte agus seirbhísí pobail agus leagtar amach gníomhartha sonracha faoi gach téama.

- Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta Údaráis Áitiúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2024-2029** an chaoi a mbeidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as athléimneacht aeráide a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, agus astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú, thar a sócmhainní, a seirbhísí agus a bonneagar féin, a bhfuil sí ina hiomláine ina leith. cuntasach, agus ag an am céanna ról níos leithne a léiriú maidir le tionchar a imirt ar earnálacha eile, tacú leo agus iad a éascú, chun a gcuid spriocanna agus uaillmhianta aeráide féin a bhaint amach.



Grianghraf: Marcus Ó Conaire

# Oidhreacht Chathair na Gaillimhe agus an gá atá le Plean Oidhreachta

Tá naisc thar a bheith láidir ag Gaillimh lena stair agus tá a hOidhreacht fite fuaite ar fud na timpeallachta nádúrtha agus tógtha, agus beogacht chultúrtha na cathrach. Tá raidhse oibre pobail áitiúil i gCathair na Gaillimhe ag caomhnú agus ag cur chun cinn a hoidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúrtha, agus go leor imeachtaí ar siúl gach bliain. Is féidir le tionscadail oidhreachta a bheith ag brath ar obair dheonach agus ar thiomantas an duine aonair, ach le chéile freisin mar chuid den phobal, de chlubanna agus de chumainn.

Ní mór Oidhreacht Chathair na Gaillimhe a chosaint, a bhainistiú agus a chothú ar bhealach a chothóidh feasacht mhéadaithe agus taitneamh inbhuanaithe do chách. Ní mór é seo a bhaint amach go cúramach freisin agus athrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta á thabhairt faoi deara. Cuireann an t-athrú aeráide, mar aon le caillteanas bithéagsúlachta, bagairt shuntasach ní amháin ar shlí mhaireachtála mhuintir Chathair na Gaillimhe ach freisin ar ár n-oidhreacht, mar gheall ar thionchair fhisiceacha an athraithe aeráide ar nós tuilte ó leibhéil na farraige ag ardú, creimeadh cósta agus síonchaitheamh méadaithe ar ár n-oidhreacht thógtha. Is príomhthéama de bheartas oidhreachta idirnáisiúnta agus náisiúnta anois iad feasacht ar an aeráid agus ar bhithéagsúlacht agus dírítear níos mó ar oibriú le chéile chun na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta a oiriúnú agus freastal orthu. Ní mór an fhreagairt ar dhúshláin Aeráide agus Bhithéagsúlachta araon a ionchorprú trí gach uile ghníomh den Phlean Oidhreachta seo.

# Ullmhú an Phlean

Is é seo an tríú Plean Oidhreachta ag Cathair na Gaillimhe, agus leagtar amach ann an creat foriomlán chun oidhreacht chathair na Gaillimhe a aithint, a chur chun cinn agus feasacht a ardú maidir léi. Is toradh é an plean ar theagmháil agus ar phlé leis

an bPobal, leis an bhFóram Oidhreachta, leis an gComhairle Cathrach agus le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha.

Is grúpa comhairleach neamhreachtúil é an Fóram Oidhreachta a bhunaigh an Chomhairle Cathrach chun comhairle a sholáthar maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta. Is sócmhainn shuntasach é an Fóram a oibríonn ar bhonn deonach agus an Plean á ullmhú.

Bhí forbairt an Phlean Oidhreachta faoi réir próisis chomhairliúcháin spriocdhírithe ina raibh an pobal i gcoitinne, comhlachtaí leasmhara agus an Chomhairle Oidhreachta páirteach. Tar éis comhairliúcháin tugadh na haighneachtaí agus na tuairimí go léir a fuarthas ar ais chuig an bhFóram Oidhreachta agus ina dhiaidh sin cuireadh roinnt cuimsiú breise sa phlean dá bharr. Tá sé curtha faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) agus faoi bhráid Chomhaltaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe freisin lena phlé agus lena ghlacadh.

# Cur i bhfeidhm an Phlean

Is príomh-chomhpháirtí í Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus beidh sí i gceannas ar go leor tionscadal agus gníomhartha a chur i gcrích le tacaíocht agus ionchur ó réimse páirtithe leasmhara. Beidh comhoibriú tras-rannóige laistigh den Chomhairle, agus le réimse gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile ag teastáil chun an Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Déanfar plean forfheidhmithe a fhorbairt gach bliain, ina leagfar amach gníomhaíochtaí sonracha. Ullmhóidh an tOifigeach Oidhreachta tuarascáil gach bliain ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhartha a chur i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoi na tosaíochtaí don bhliain dár gcionn, ag glacadh san áireamh gur tionscadail ilbhliantúla iad go leor de na tionscadail a dtugtar fúthu. Cuirfear na tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn faoi bhráid an Fhóraim Oidhreachta agus cuirfear faoi bhráid Choiste Beartais Straitéisigh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe iad. Éileofar acmhainní leordhóthanacha, trí sholáthar i mbuiséid oibriúcháin agus chaipitil, ar fud gach

Rannóg de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, chun an Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Tabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha airgeadais ar bhonn leanúnach mar chuid den phleanáil lena chur i bhfeidhm. Trí mheastóireacht a dhéanamh ag deireadh thréimhse chur i gcrích an phlean, beifear in ann torthaí an phlean a mheas.

# Maoiniú

Príomhfheidhm de chuid an Oifigigh Oidhreachta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ná tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh phobail trí chomhairle agus treoir a sholáthar ar dheiseanna maoinithe atá ar fáil chun tionscnaimh oidhreachta áitiúla a chur chun cinn. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do dheiseanna maoinithe oidhreachta a aithint agus rochtain a fháil orthu le linn tréimhse an phlean cúig bliana seo. Maoiníonn an Chomhairle Oidhreachta príomhghníomhartha gach bliain freisin, faoi chóras deontas chun gníomhartha na bpleananna oidhreachta áitiúla a chur i bhfeidhm.

# Monatóireacht agus Meastóireacht

Déanfar monatóireacht ar thorthaí na ngníomhartha ar feadh shaolré an phlean agus má mheastar go bhfuil gá leis, ionchorprófar athruithe sa phlean. Ní hamháin go dtomhaisfidh an mheastóireacht seo rath an phlean, ach beidh sé mar bhonn eolais freisin do dhearadh na straitéisí agus na dtionscnamh ina dhiaidh sin, ag cinntiú go bhfanfaidh Cathair na Gaillimhe ar an mbóthar maidir le caomhnú na hoidhreachta. Beidh an Fóram Oidhreachta ina mheicníocht thábhachtach freisin chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh agus beidh sé in ann gníomhartha a chur in ord tosaíochta agus freagairt a thabhairt, ag léiriú nuair a thagann deiseanna chun cinn.



Grianghraf: Nicholas Grundy

# Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

Is éard atá i bpróiseas Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) an mheastóireacht chórasach fhoirmiúil ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an gcomhshaol a bhainfeadh le plean nó clár a chur i bhfeidhm sula ndéanfar cinneadh an plean nó an clár a thabhairt chun críche. Is éard atá i gceist le scagadh an próiseas chun a chinneadh cé acu an dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha comhshaoil ag plean ar leith, seachas na cinn a bhfuil MST éigeantach ina leith, agus an mbeadh gá le SEA. Rinneadh scagadh ar an bPlean Oidhreachta maidir leis an ngá tabhairt faoi MST iomlán agus measadh nach bhfuil gá le MST iomlán..

# Measúnacht Chuí

Is éard is Measúnacht Chuí (AA) próiseas measúnaithe tionchair a bhaineann le láithreáin de chuid Natura 2000, nó de chuid na hEorpa - rinneadh na láithreáin seo a shainiú nó a mholadh lena n-ainmniú de bhua a dtábhachta éiceolaíochta. Soláthraítear leis an Treoir maidir le Gnáthóga agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) an ceanglas maidir le scagadh le haghaidh éifeachtaí suntasacha dóchúla ar láithreáin Eorpacha. Má mheastar na héifeachtaí a bheith ina n-éifeachtaí suntasacha, ina n-éifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith suntasach nó ina n-éifeachtaí éiginnte, ní mór tabhairt faoi Chéim 2 MC.

Bhí an Plean faoi réir scagtha le haghaidh próiseas MC le fáil amach an gá nó nach gá MC a dhéanamh. Aithnítear sa Tuarascáil maidir le Scagadh le haghaidh MC a ghabhann leis seo nach bhfuil aon dóchúlacht ann go mbeidh tionchar suntasach ag an bplean ar aon láithreáin Eorpacha, as féin nó i dteannta le pleananna nó tionscadail eile - agus mar sin is féidir a chur as an áireamh go mbeadh tionchar suntasach ar aon láithreán Eorpach mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean.



Grianghraf: Maryla Joyce

# Fís an Phlean Oidhreachta agus na reimsí ar a ndírítear leis

Is cáipéis neamhreachtúil é Plean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe, agus bunaítear leis creatlach do bhainistiú agus do chláreagrú comhordaithe oidhreachta do na 5 bliana amach romhainn, a bheidh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

## An Fhís

Spreagadh, ugach agus treoir a thabhairt maidir lena bhfuilimid ag iarraidh a bhaint amach don oidhreacht i gCathair na Gaillimhe

## Príomhthéamaí

Díreoidh na príomhthéamaí na smaointe agus na luachanna lárnacha a spreagann tuiscint agus gníomh.

## Gníomhartha

Gníomhartha sainaitheanta le déanamh ó 2025 go 2030

# Fís

Oidhreacht shaibhir Chathair na Gaillimhe a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn trí rannpháirtíocht phobail, cleachtais inbhuanaithe, agus tionscnaimh nuálacha, agus ar an gcaoi sin fíochán cultúir bríomhar a chothú lena dtugtar ómós don am atá thart agus lena ndéantar ag an am céanna todhchaí faoi bhláth a mhúnlú do na glúnta atá le teacht.


Feasacht a mhúscailt faoi Oidhreacht thógtha, nádúrtha agus cultúrtha uathúil Chathair na Gaillimhe agus an fheasacht sin a choimeád chun leas gach duine a bhfuil cónaí air, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gcathair.



Photograph: Dr. Chaosheng Zhang

# Príomhchuspóirí agus Príomhghníomhaíochtaí

Cuimsítear leis an bplean oidhreacht gníomhartha ón bplean roimhe seo chomh maith le roinnt gníomhartha arna leasú agus gníomhartha nua is ábhartha do thréimhse an phlean seo. Áirítear le straitéisí an Phlean Oidhreachta seachadadh gníomhartha faoi théamaí éagsúla. Is iad seo a leanas téamaí ginearálta an Phlean Oidhreachta agus déantar gach gníomh liostaithe a ghrúpáil dá réir. D’ fhéadfadh baint a bheith ag roinnt gníomhartha le roinnt téamaí ach cuireadh iad sa roinn a mheastar go mbeidh an tionchar is mó acu inti.



# 1. Ardú Feasachta

Baineann an téama seo le feasacht a mhúscailt faoin oidhreacht trí rannpháirtíocht an phobail, cláir oideachais agus tionscnaimh idirghníomhacha. Áirítear leis meas ar ár n-oidhreacht chultúrtha a chothú, ionas go mbeidh meas ag na glúnta atá le teacht uirthi agus go mbainfidh siad taitneamh asti. Áirítear leis  freisin maoirseacht agus rannpháirtíocht a spreagadh maidir le sainchomharthaí tíre agus traidisiúin a chosaint.

## Gníomhartha

1. Feasacht a mhéadú i scoileanna trí fhaisnéis amhairc a scaipeadh agus trí rannpháirtíocht ghníomhach maidir le foirgnimh oidhreachta, geolaíocht, flóra, agus fána, séadchomharthaí, seandálaíocht thionsclaíoch, fiadhúlra agus uiscebhealaí na cathrach.

2. Tacú le cosaint suíomhanna agus lárionaid a bhfuil tábhacht gheolaíoch ag bainte leo agus feasacht a mhúscailt fúthu.

3. Úsáid clocha áitiúla i mballaí, i mballaí teorann, i bhfoirgnimh agus i ngnéithe eile i bhforbairtí nua sa chathair a chur chun cinn.

4. Comhdhálacha maidir le hOidhreacht na Gaillimhe a eagrú bunaithe ar thopaicí a bhaineann leis an oidhreacht áitiúil a bhfuil spéis ag daoine iontu agus nasc á dhéanamh leis an gcomhthéacs níos leithne.

5. Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis oidhreachta agus í a fhoilsiú, lena n-áirítear catalóga músaem.

6. Feasacht a mhúscailt maidir le luach na hoidhreachta nádúrtha go háirithe maidir le príomhcheantair i gCathair na Gaillimhe (m.sh. An Trá Gheal, Coill Bhearna, Coill Mhuirlinne, Páirc Thír Oileáin, Coill an Daingin) de réir straitéis agus phlean bithéagsúlachta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le spásanna glasa, plean agus straitéis atá ar na bacáin.

7. Úsáid leanúnach agus athúsáid logainmneacha stairiúla, ar léargas iad ar oidhreacht na gceantar áitiúil, a chur chun cinn.

8. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i nGaillimh atá ina Cathair Dhátheangach ainmnithe.

9. Leanúint de bheith ag cur úsáid na Gaeilge chun cinn, go háirithe in ainmniú na gceantar cónaithe nua, agus i measc an phobail freisin i gCathair na Gaillimhe.

10. Leanúint de bheith rannpháirteach agus de thacú le haidhmeanna Chiorcal Cairdis na mBailte Múrtha agus i Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann. Pleananna Bainistíochta Caomhnaithe do Bhallaí an Bhaile agus do chomhthéacs an laithreáin a chur i bhfeidhm bunaithe ar an bPlean Bainistíochta Caomhnaithe agus Léirmhínithe do Bhaile Múrtha na Gaillimhe (2013).

11. Leanúint de chur chun cinn agus den rannpháirteachas i bhféilte agus imeachtaí ailtireachta agus tionscadail oidhreachta suntasacha comhchosúla a sholáthraíonn deiseanna don phobal féachaint agus foghlaim faoi fhoirgnimh inspéise faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon.

12. Comórtais ghrianghrafadóireachta a eagrú ar oidhreacht shainiúil thógtha agus nádúrtha na cathrach.

13. Béim a chur ar luach na bithéagsúlachta tríd an bPlean Náisiúnta Bithéagsúlachta agus cuspóirí Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe (2014-2024) a chur chun cinn.

14. An úsáid is mó is féidir a bhaint as suíomh Gréasáin agus meáin shóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun eolas ar oidhreacht a scaipeadh.

15. Tionscnaimh chruthaitheacha a fhorbairt chun feasacht a mhúscailt faoi thábhacht na hOidhreachta.

16. Ceardlanna idirghníomhacha, suiteálacha ealaíne, comórtais ar théama oidhreachta, imeachtaí scéalaíochta, turais fhíorúla, agus comhpháirtíochtaí le healaíontóirí áitiúla agus le scoileanna a eagrú chun feasacht a ardú go héifeachtach.

17. Féachfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le feasacht a ardú i gcomhar le grúpaí lucht spéise maidir leis an tábhacht a bhaineann le hoidhreacht fuaime Chathair na Gaillimhe.


Grianghraf: Nicholas Grundy

# 2. Comhthiomsú agus Scaipeadh Faisnéise Oidhreachta

Baineann an téama seo le faisnéis faoin oidhreacht a thabhairt le chéile agus a scaipeadh. Is féidir é seo a dhéanamh trí ardáin éagsúla chlóite, digiteacha agus meán. Cuirfidh sé seo inrochtaineacht fheabhsaithe ar eolas faoin oidhreacht ar fáil, agus ag an am céanna cothófar tuiscint níos fearr uirthi ag cách.

## Gníomhartha

1. Tacú le taifeadadh leanúnach suirbhéanna ar fhiadhúlra agus feasacht ghinearálta ar ghnáthóga i gcomhar leis an NPWS, Eagraíochtaí Fiadhúlra áitiúla/Náisiúnta agus an t-oifigeach bithéagsúlachta.
2. Leanúint de bheith ag spreagadh foilsiú thorthaí imscrúduithe agus suirbhéanna Seandálaíochta san iris oidhreachta.
3. Comhlánú a dhéanamh ar an Iniúchadh ar Oidhreacht Thionsclaíoch sa Chathair le déanaí le suirbhéanna níos mionsonraithe ar shuímh agus ar ghnéithe taifeadta.
4. Suirbhé a dhéanamh ar na clocha muisiriún geolaíocha sa chathair agus eolas maidir le torthaí an tsuirbhé sin a fhoilsiú.
5. Leathnú a dhéanamh ar scóip Leabhrán na gCosán Oidhreachta Eaglasta, a foilsíodh roimhe seo i gcomhar le Rannóg Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
6. Cartlann agus bunachar sonraí grianghraf de shéadchomharthaí seandálaíochta Chathair na Gaillimhe a chur le chéile chun críocha taispeántais agus taifid.

7. Taifeadadh ainmneacha áite agus páirce a chur chun cinn ag baint úsáide as ionchur pobail. Atlas de logainmneacha Chathair na Gaillimhe a fhoilsiú.

8. Leanúint de struchtúir a bhfuil luach oidhreachta acu a shainaithint agus a chur le Clár na Struchtúr Cosanta a agus scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal do leathnú na gCeantar Caomhnaithe Ailtireachta sa chathair.

9. Leanúint de shuirbhéanna a dhéanamh ar reiligí sa chathair, bileoga eolais a fhoilsiú, sonraí suirbhé a uaslódáil chuig an suíomh Gréasáin faisnéise stairiúil reiligí agus –historicgraves.com, comharthaíocht a bheith ag reiligí a thugann suíomh ceapach ag baint úsáide as léarscáileanna agus bileog foilsithe.

10. Leanúint de thacú le treoracha poiblíochta ar oidhreacht nádúrtha iomlán na Gaillimhe, mar iad siúd a táirgeadh go dtí seo do na príomhchoillearnacha.

11. I gcomhar leis an Rannóg Áineasa agus Taitneamhachta agus leis an Oifigeach Bithéagsúlachta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, polasaithe bithéagsúlachta agus comhshaoil a chur chun cinn ar thailte taitneamhachta príobháideacha agus poiblí araon.

12. Tabhairt faoi fheachtais feasachta maidir le Speicis Choimhthíocha agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar ghnáthóga atá ann cheana féin.

13. Feachtais saor ó bhruscar na Gaillimhe a chur chun cinn agus comórtas 'An Míle Órga' a chur chun cinn do Chathair na Gaillimhe.

14. Faisnéis a thuairisciú agus a chur ar fáil go poiblí ar ghnéithe de longa briste agus fionnachtana déantúsáin mhuirí.

15. Iniúchadh ar Fhoirgnimh Ceann Tuí i gCathair na Gaillimhe a fhoilsiú.

16. Taifead, caomhnú agus foilsiú an bhéaloidis nua-aimseartha/staidéar ar shaol an phobail ar Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn.

17. Leanúint d'óstáil comhthionscadail leis na leabharlanna áitiúla agus institiúidí eile ar nós Músaem Shaol na Tuaithe (Maigh Eo) agus Forais Oidhreachta Náisiúnta.

18. Tús a chur le Tionscadal Béaloideas an Lucht Siúil a chuimseoidh taifeadadh an bhéaloidis, na nósanna agus na dtraidisiún.

19. Iniúchadh a ullmhú ar na gnéithe den oidhreacht thógtha i limistéar na nduganna agus tuarascáil ar an oidhreacht mhuirí ghaolmhar.

20. Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta a ullmhú d'Uiscebhealaí na cathrach.

21. Aitheantas do "Oidhreacht Doláimhsithe" a chur chun cinn sna Réimsí Cultúir, Sóisialta agus Eacnamaíocha.

22. Naisc Oidhreachta a chothú agus malartuithe le Twin Cities agus páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha comhpháirteacha.

23. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i dtaispeántais oidhreachta agus ag imeachtaí sóisialta a bhaineann leis an Oifig Oidhreachta.

24. Aidhmeanna Gaillimh le Gaeilge, Gaeilge ABC (Gaeltacht Bhearna-Cnoc na Cathrach) aagus An Bruach Thoir (Gaeltacht Chathair na Gaillimhe Thoir) maidir le cuidiú le cothú na Gaeilge a chur chun cinn.

25. Éagsúlacht chultúrtha agus shóisialta a chur chun cinn agus aird a thabhairt ar Phlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chathair na Gaillimhe (LECP).

26. Leanúint le foilsiú dátheangach na sraithe treoracha ar na déantáin sa Mhúsaem agus doiciméid faisnéise eile a tháirgtear dá samhail.

27. Úsáid a bhaint as ardáin dhigiteacha, cláir oideachais, taispeántais, imeachtaí cultúrtha, conairí oidhreachta, cainteanna poiblí, agus comhoibrithe chun faisnéis ar oidhreacht Chathair na Gaillimhe a chur chun cinn, a fheabhsú agus a scaipeadh go héifeachtach.

28. Stair na gconairí Aifrinn agus na mbealaí stairiúla coisithe ar fud Chathair na Gaillimhe a bhailiú agus a chur chun cinn le linn shaolré an Phlean Oidhreachta.

29. Fardal struchtúr dúchasach a ullmhú agus a fhoilsiú do Chathair na Gaillimhe.

30. Suirbhé fálta sceach agus ballaí traidisiúnta a ullmhú agus a fhoilsiú.

31. Staidéar a ullmhú agus a fhoilsiú ar thoibreacha na Gaillimhe, idir thoibreacha a bhfuil tábhacht reiligiúnach leo agus thoibreacha nach bhfuil tábhacht reiligiúnach leo.



Grianghraf: Nicholas Grundy

# 3. Caomhnaigh, Feabhsaigh agus Bainistigh

Baineann an téama seo le láithreán oidhreachta a chaomhnú, a fheabhsú agus a bhainistiú, agus tacaíocht á tabhairt do chleachtais inbhuanaithe agus do rannpháirtíocht an phobail. Ar an gcaoi seo, is féidir féiniúlacht chultúrtha a chosaint, rud a áiritheoidh go gcaomhnaítear gach gné den Oidhreacht.

## Gníomhartha

1. Idirchaidreamh agus comhoibriú le cumainn seandálaíochta agus staire áitiúla agus náisiúnta chun suim in oidhreacht seandálaíochta na Gaillimhe a chur chun cinn.

2. Idirchaidreamh a dhéanamh leis an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta (NMS), OÉ Ard-Mhúsaem na hÉireann agus comhlachtaí seandálaíochta gairmiúla chun dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le suirbhéireacht seandálaíochta, tochailte, monatóireachta agus foilsiú torthaí.

3. Dea-chleachtas caomhantais agus oiliúint maidir leis an oidhreacht thógtha i nGaillimh a chur chun cinn.

4. Plean Caomhnaithe, Bainistíochta  agus Léirmhínithe Ballaí Chathair na Gaillimhe 2013. a chur chun feidhme.

5. Comhoibriú leis an Roinn Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta agus an Roinn Pleanála chun Bithéagsúlacht a chur chun cinn agus chun polasaithe a cheapadh do phleananna agus straitéisí amach anseo.

6. Leanúint le faisnéis a sholáthar ar an gcleachtas is fearr maidir le glantacháin agus taifeadadh gach reilig stairiúil, áitiúil.

7. Idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí náisiúnta oidhreachta lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, grúpaí ginealais agus an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta chun comhairle a sholáthar maidir le gnéithe oidhreachta na reiligí.

8. Leanúint ar aghaidh ag cur spéis san athrú aeráide, flóra, fána agus bithéagsúlacht agus in inbhuanaitheacht chaomhnú agus comhshaoil chun cinn trí léachtaí, cainteanna agus imeachtaí Oidhreachta.

9. Dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú gnéithe oidhreachta nádúrtha i bhforbairtí molta de réir Phlean Forbartha na Cathrach Áirítear leis seo caomhnú teorainneacha páirce, sruthanna, lomáin nádúrtha is díol spéise geolaíochta chomh maith le fálta sceach, ballaí traidisiúnta, agus gnéithe nádúrtha.

10. Pleananna caomhantais agus bainistíochta a ullmhú agus tabhairt faoi thionscadail athchóirithe d’Fhoirgnimh Oidhreachta faoi úinéireacht na Comhairle Cathrach.

11. Leanúint de bheith ag cur chun cinn úsáid an chleachtais is fearr maidir le báid thraidisiúnta áitiúil a athchóiriú.

12. Leanúint d'úsáid scileanna, ábhar & ceardaíocht thraidisiúnta a chur chun cinn, go háirithe maidir le tuíodóireacht, péinteáil comharthaí de lámh agus rindreáil aoil a dhéanamh ar bhallaí.

13. Plean comhtháite a cheapadh le lucht leasa turasóireachta agus tráchtála chun Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar cheann scríbe Turasóireachta Oidhreachta agus comhoibriú leis an Oifigeach Turasóireachta.

14. Gnólachtaí áitiúla agus comhlachtaí turasóireachta a spreagadh le páirt a ghlacadh in Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta.

15. Urraíocht a lorg ó ghnólachtaí agus ó dhaoine aonair do thionscadail oidhreachta, foilseacháin agus imeachtaí.

16. Sraith seimineár a eagrú do ghnólachtaí agus do chomhlachtaí turasóireachta ar 'An Leas is Fearr a Bhaint as Oidhreacht na Gaillimhe'.

17. Eolas a sholáthar ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Cathrach ar reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an oidhreacht nádúrtha agus tógtha.

18. Athbhreithniú achomair a ullmhú ar shuirbhé Oidhreacht Chathair na Gaillimhe 1983-1984 agus nuashonrú le suirbhé seandálaíochta a rinneadh i 1984.

19. Beartais chaomhnaithe a chur i bhfeidhm, láithreáin oidhreachta a bhunú, tionscadail athchóirithe a mhaoiniú, turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus pobail a chur i ngleic le hiarrachtaí caomhnaithe le haghaidh bainistíochta fadtéarmach.

20. Éascú a dhéanamh ar fhoghlaim/comhroinnt scileanna traidisiúnta maidir leis an oidhreacht thógtha, mhuirí agus nádúrtha.

21. Tacaíocht a thabhairt do thionscadail maidir leis na cosáin stairiúla faoinár gcosa; siúlóidí trí na bóithríní, siúlóidí sa chomharsanacht, agus bealaigh nasctha do choisithe trí chreatlach na cathrach.

22. Tacú le naisc inbhuaine idir páirceanna agus caisleáin, agus an inbhuaine agus an caomhnú á gcothú, agus rannpháirtíocht an phobail á chur chun cinn.

23. a) Tacú leis am treoraíocht dea-chleachtais maidir le cothabháil agus obair leanúnach chun Caisleán Mhuirlinne, Caisleán Thír Oileáin agus Caisleán Mhionlaigh a chaomhnú agus a chothabháil.

    b) Tacú le plean físe a ullmhú do gach ceann de na trí chaisleán agus é mar aidhm rochtain agus taitneamh an phobail ar na struchtúir a chinntiú. Áireofar sna ráitis físe caomhnú agus scaipeadh eolais faoi gach ceann acu.

24. Páirt a ghlacadh agus tacaíocht a thabhairt nuair is féidir d'Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib, agus do pháirtithe leasmhara ábhartha mar chomhpháirtithe i gcaomhnú agus i mbainistiú Uiscebhealaí na cathrach.

25. Tacú leis an gcomhoibriú le Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le bunú conairí éiceolaíocha atá trasteorann.



Grianghraf: Nicholas Grundy

# 4. Rannpháirteach, Cuimsitheach, Uileghabhálach

Baineann an téama seo le cur chuige uileghabhálach i leith na hoidhreachta a chothú agus a chur i bhfeidhm, agus ceiliúradh á dhéanamh ar insintí agus dearcthaí éagsúla maidir leis an gcultúr. Ar an gcaoi sin, spreagfar rannpháirtíocht ghníomhach ag na pobail go léir, agus cothófar braistint úinéireachta agus bród maidir le caomhnú ár n-oidhreachta cultúrtha coitinne do na glúine atá le teacht. Gníomhartha

## Gníomhartha

1. Tacaigh le agus rannchuidigh leis an bhFéilire Imeachtaí ag Músaem Cathrach na Gaillimhe go háirithe le linn na Seachtaine Oidhreachta bliantúil.

2. Úsáid Seirbhíse Cartlainne atá ag feidhmiú go hiomlán agus atá inrochtana go poiblí a chur chun cinn laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

3. Taifid i ngrianghrafanna stairiúla de Struchtúir agus de Shráid-dreacha Chathair na Gaillimhe a chartlannú agus a dhigitiú. Déan digitiú agus cuir ar fáil trí shuíomh Gréasáin na Comhairle Cathrach é.

4. Taifead ar Regalia Cathartha Chathair na Gaillimhe, ar Chartlanna agus ar Thaifid Chathartha Chathair na Gaillimhe a ullmhú i gcóip chrua agus i bhformáid dhigiteach araon chun an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal i gcoitinne.

5. Dul i ngleic le TFC sa Chomhairle Cathrach chun an cur i láthair agus an rochtain is fearr ar fhaisnéis oidhreachta ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Cathrach agus treoraíocht chuí chuig naisc ábhartha eile a chinntiú.

6. Eolas ar Bhalla an Bhaile agus ar daingnithe agus gnéithe eile a chur chun cinn, trí imeachtaí agus foilseacháin.

7. Féilire a tháirgeadh a léiríonn oidhreacht Chathair na Gaillimhe.

8. Taifead ar ghnásanna an phobail a chur chun cinn trí 'Scéim Oidhreachta sna Scoileanna' na Comhairle Oidhreachta.

9. Sraith cainteanna agus ceardlanna músaem a bhunú i gcomhar le Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Ard-Mhúsaem na hÉireann.

10. Leanúint leis an scéim deontais oidhreachta pobail a chur chun cinn go sonrach chun oidhreacht uathúil na cathrach a chur chun cinn.

11. Feasacht ar Oidhreacht Mhuirí agus ar thithe solais a ardú, trí thacú le tionscnaimh agus le tionscadail leis na grúpaí seo.

12. Leanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe d'fhorbairt Ionad Oidhreachta na Coiribe ag seanionad na nOibreacha Uisce agus na giniúna leictreachais ar Bhóthar na Díge a chur chun cinn agus a mhaoiniú a léiríonn a oidhreacht thógtha, chultúir agus nádúrtha.

13. Tacú le hathchóiriú/cothabháil chabhail Naomh Éanna le taispeáint mar ábhar spéise oidhreachta.

14. Tacú leis an taighde ar úsáid na teicneolaíochta chun réitigh nádúr-bhunaithe a chruthú nuair is infheidhme maidir le dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide a bhaineann le hoidhreacht agus le bithéagsúlacht.

15. Tacú le cur i bhfeidhm an Phlean um Pailneoirí Uile-Éireann.

16. Leanúint de bheith ag tacú le hullmhú agus le cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla.

17. Oibriú leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus le haon gheallsealbhóir ábhartha eile chun ionchur a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta Aeráide an Údaráis Áitiúil.

18. Réitigh atá bunaithe ar an dúlra a chur chun cinn ar réitigh iad lena dtacaítear leis an mbithéagsúlacht le haghaidh oiriúnú agus maolú an athraithe aeráide.

19. Tacú le naisc le cúrsaí Oidhreachta ag Ollscoil Theicneolaíochta an Atlantaigh (ATU) agus Ollscoil na Gaillimhe agus naisc a chothú leis an líonra ollscoile níos leithne.

20. Córas a fhorbairt chun cóid dhigiteacha QR a sholáthar ag láithreáin a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh na hoidhreachta de, d'fhonn rochtain láithreach a thairiscint ar léargais ar an stair.

21. Córas a achtú go foirmiúil i gcomhar leis an bhFóram Oidhreachta chun monatóireacht a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta agus é a chur i bhfeidhm, le cruinnithe a reáchtáil i rith na bliana, chun sruthanna maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil a phlé.

22. Tacú le cruthú Oifig Oidhreachta le hacmhainní cuí, a bheadh ina cheannoifig maidir le stair shaibhir Chathair na Gaillimhe a chaomhnú, a chur chun cinn agus ceiliúradh a dhéanamh uirthi trí oideachas, trí thionscadail chaomhnaithe agus trí thionscnaimh rannpháirtíochta pobail.

23. Dul i gcomhar go rialta leis an gCoiste um Beartais Straitéiseacha (SPC) agus grúpaí forbartha pobail chun an oidhreacht a chur chun cinn.




Grianghraf: Alex Zorogov

## Próiseas Plean Oidhreachta Chathair na Gaillimhe 2025-2030

Ullmhú an Phlean - 2024

Spriocanna an Phlean

Caidreamh Poiblí

Forbairt an Phlean

Athbhreithniú ar an bPlean

Faomhadh an Phlean

Foilsiú – 2025



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Grianghraf: Nicholas Grundy